# Féile Chadhcála na Gaillimhe

Meánleibhéal 1 (B1)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi fhéile chadhcála (*kayaking festival*) a bhí i nGaillimh. Féach ar an bhfíseán seo a thaispeánfaidh an teagascóir daoibh, chun blaiseadh a fháil d'ábhar na míre atá le teacht agus freagair na ceisteanna leis an duine in aice leat. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| cadhcáil<br>cadhc<br>lucht cadhcála | *crowds*<br>*returning*<br>*very popular* |

1. Cad atá á dhéanamh ag na daoine ar fad san fhíseán?
2. Cad é an téarma is fearr thíos a dhéanann cur síos ar an uisce san fhíseán?

   a. eas  b. fánsruth  c. linn
3. Conas atá an aimsir san fhíseán?
4. Samhlaigh gur tusa duine de na daoine atá ag cadhcáil san fhíseán – conas a mhothaíonn tú go fisiciúil?



5. Samhlaigh gur tusa duine de na daoine atá ag cadhcáil san fhíseán – conas a mhothaíonn tú ó thaobh meabhrach de?

# B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. ar an bhfód | a. *crowds* |
| 2. ag réabadh | b. *discharge* |
| 3. scailp bháistí | c. *enticed* |
| 4. ar bís | d. *crashing, roaring* |
| 5. filleadh | e. *atmosphere* |
| 6. sluaite | f. *returning* |
| 7. meallta | g. *competitors* |
| 8. ó chian agus ó chóngar | h. *on the scene* |
| 9. scaoil | i. *from far and wide* |
| 10. iomaitheoirí | j. *excited* |
| 11. atmaisféar | k. *heading for* |
| 12. ag triall ar | l. *sudden downpour* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. Cad is brí le ‘giota beag’?

_______________________________________________

3. Cén focal/frása Gaeilge atá agat féin ar *too much / too many*?

_______________________________________________

4. Nuair a bhíonn ‘an-tóir’ ar rud bíonn an rud sin:

☐ *very popular* ☐ *very busy* ☐ *very cosy*

Cuir tic sa bhosca ceart.

5. Cad is brí leis an dá fhocal sa bhosca? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

| | |
|---|---|
| taighde | |
| taithí | |

# C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus freagair na ceisteanna thíos.

| |
|---|
| a) **Cé mhéad duine a ghlacann páirt san fhéile chadhcála?** |
| |
| b) **An Éireannaigh amháin a bhíonn ag freastal ar an imeacht?** |
| |
| c) **Cén fáth a raibh na rásaí ar fad i gCathair na Gaillimhe anuraidh?** |
| |
| d) **Cad a bhí le rá ag Tamara Sheehan?** |
| |
| e) **Cén fáth a bhfuil a fhios againn go raibh an-tóir ar an ócáid?** |
| |
| f) **Luadh trí abhainn sa mhír – cad iad?** |
| |

2. Féach ar an mír den dara huair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Tá ____________________ iontach ag an bhféile.
- Tá na ___________ ag teacht ______________________ chun freastal ar an imeacht.
- Tá na cadhcóirí ____________ le dul amach ar an uisce.
- Beidh na h____________ ______________ ar Abhainn na Gaillimhe amárach.
- Tá na hiomaitheoirí ag ______________ ar an Spidéal mar tá siad _____________ ag an bhféile.
- _________ na heagraithe uisce ón damba.
- Tá an fhéile ____________________ le dhá bhliain déag.
- Tá an abhainn ________________ tar éis ________________ ar maidin.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an séimhiú)

Féach ar an sliocht thíos ó script na míre leis an duine in aice leat agus féachaigí ar gach séimhiú atá i gcló trom. Cén fáth a bhfuil siad ann? Scríobh cúis gach séimhithe sa tábla thíos. Tá an chéad cheann déanta duit.

**Siún Nic Gearailt**

G**h**lac (1) breis agus trí c**h**éad (2) duine páirt i bhFéile C**h**adhcála (3) na Gaillimhe inniu ar Abhainn Bhoth Loiscthe sa Spidéal. Is í Féile na Gaillimhe an f**h**éile (4) chadhcála is mó san Eoraip agus tá sí ar an bhfód le dhá b**h**liain (5) déag.

**Donncha Ó Murchú**

Bhí Abhainn Bhoth Loiscthe ag réabadh ar maidin tar éis scailp b**h**áistí (6) na hoíche aréir agus lucht cadhcála ar bís. Tá Féile na Gaillimhe tar éis filleadh ar an Spidéal den gcéad uair le tamall de b**h**lianta (7) agus na sluaite meallta ó c**h**ian (8) agus ó chóngar.

| | |
|---|---|
| 1. | Cuirtear séimhiú ar fhréamh an bhriathair chun an aimsir chaite a chur in iúl. |
| 2. | |
| 3. | |
| 4. | |
| 5. | |
| 6. | |
| 7. | |
| 8. | |

## 2: Saibhreas teanga (cathracha na hÉireann)

Cén Ghaeilge atá ar na cathracha thíos? Cén tuiseal ginideach atá ag gach cathair? Téigh go dtí www.logainm.ie mura bhfuil tú cinnte.

| ***The city*** | **An chathair as Gaeilge** | **Tuiseal ginideach na cathrach** |
|---|---|---|
| *Dublin* | | Caisleán ___________________________ |
| *Cork* | | Cathair ___________________________ |
| *Limerick* | | Ollscoil ___________________________ |
| *Galway* | Gaillimh | Abhainn na Gaillimhe |
| *Belfast* | | Aerfort ___________________________ |
| *Derry* | | Bóthar ___________________________ |
| *Waterford* | | Criostal ___________________________ |

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag tabhairt faoi dhá rólghníomhaíocht. Tabharfaidh an teagascóir na cártaí cuí daoibh. Beidh oraibh ceisteanna a chur ar a chéile ar nós na gceann sa bhosca thíos.

| **Ceisteanna** |
|---|
| Cá raibh …. ? |
| Cén cineál …? |
| Cén dáta …? |
| Cé mhéad atá ar …? |
| Conas is féidir liom …? |
| An raibh an aimsir ...? |
| Ar thaitin ...? |



Rólghníomhaíocht 1

**Duine A**: Chuaigh tú go dtí Féile Chadhcála na Gaillimhe. Tá an t-eolas ar fad a bhaineann leis an bhféile sin ar do chárta. Beidh an duine in aice leat ag cur ceisteanna ort faoi.

**Duine B**: Chuaigh an duine in aice leat go dtí Féile Chadhcála na Gaillimhe agus ba mhaith leat eolas a fháil faoin ócáid. Líon na bearnaí ar do chárta féin trí cheisteanna a chur ar an duine sin.

Rólghníomhaíocht 2

**Duine A**: Chuaigh tú go dtí An Phicnic Leictreach. Tá an t-eolas a bhaineann leis an imeacht sin ar do chárta. Beidh an duine in aice leat ag cur ceisteanna ort faoi.

**Duine B**: Chuaigh an duine in aice leat go dtí An Phicnic Leictreach agus ba mhaith leat eolas a fháil faoin ócáid. Líon na bearnaí ar do chárta féin trí cheisteanna a chur ar an duine sin.



## 2: Scríobh

Roghnaigh *Feile Chadhcála na Gaillimhe* nó *An Phicnic Leictreach* agus samhlaigh gur fhreastail tú ar an imeacht sin. Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta faoin ócáid. Is leor cúig abairt nó mar sin.

| Bhí an t-ádh orm mar …. |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| **Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:** |
|---|
| |

# AN SCRIPT

**Siún Nic Gearailt**
Ghlac breis agus trí chéad duine páirt i bhFéile Chadhcála na Gaillimhe inniu ar Abhainn Bhoth Loiscthe sa Spidéal. Is í Féile na Gaillimhe an fhéile chadhcála is mó san Eoraip agus tá sí ar an bhfód le dhá bhliain déag.

**Donncha Ó Murchú**
Bhí Abhainn Bhoth Loiscthe ag réabadh ar maidin tar éis scailp bháistí na hoíche aréir agus lucht cadhcála ar bís. Tá Féile na Gaillimhe tar éis filleadh ar an Spidéal den gcéad uair[1] le tamall de bhlianta agus na sluaite meallta ó chian agus ó chóngar.

**Daniel Burke**
Is í an fhéile is mó san Eoraip don chadhcadóireacht[2] í, beagnach, nach mór cúpla céad duine. Níl aon áit eile a dhéanann a leithéid. Tá giota beag níos mó cloch ar an abhainn seo. Agus tá dam[3] thuas ansin, *so* rinne siad … scaoil siad giota beag uisce don rás seo.

**Oisín Ó Fearghaíl**
An bhliain seo caite, ní raibh an iomad uisce san abhainn, *so*, bhí orainn an rud ar fad a dhéanamh istigh sa chathair. Bhí sé go breá *like* mar ní raibh orainn tiomáint in aon áit, *so*. Tá sé go deas a bheith ar ais anseo agus amuigh ón gcathair ar feadh cúpla uair, ar a laghad.

**Tamara Sheehan**
Tá trí chineál cadhcála ar siúl le linn an deireadh seachtaine, *so* tá seans ag na hiomaitheoirí gach rud a dhéanamh. Tá gach duine ar bís inniu mar táimid ar ais agus *just* tá an t-atmaisféar go hiontach.

**Donncha Ó Murchú**
Tá Féile na Gaillimhe ar cheann de na himeachtaí cadhcála is mó sa bhliain agus ana-thóir[4] go deo uirthi. Glacann na céadta páirt gach aon bhliain agus i mbliana, díoladh na ticéid ar fad i níos lú ná tríocha soicind.

**Lorcán Craven de Grás**
Seo é mo thríú *Galway Fest* le cúpla bliain, cúpla *(inter)varsities*[5] agus rudaí mar sin. Tá an *Lower Corrib*, nó abhainn mar sin, tá sí i bhfad níos éasca ná an Bhoth Loiscthe, sin saghas taighde[6] nua….

**Donncha Ó Murchú**
Inné thug na hiomaitheoirí faoi chúrsa ar Abhainn an Chláir i dTuaim, ag triall ar Abhainn na Coiribe[7] a bheidh siad amárach, ar lá deiridh an chomórtais.

Donncha Ó Murchú, Nuacht TG4.

---

[1] Canúint na Mumhan atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cloítear le nósanna na canúna sin maidir le réamhfhocail agus an t-alt, mar shampla, urú seachas séimhiú i ndiaidh ‘den’ agus ‘don’, agus urú ar ainmfhocail dar tús ‘d’ agus ‘t’.
[2] *cadhcáil* an téarma oifigiúil
[3] *damba* an Ghaeilge atá ar *dam*
[4] an-tóir a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil
[5] *comórtais idir-ollscoile* an leagan Gaeilge
[6] *taithí* atá i gceist ag an gcainteoir
[7] *Abhainn na Gaillimhe* an teideal oifigiúil

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Abair leis na foghlaimeoirí féachaint ar an bhfíseán gearr (Féile Chadhcála na Gaillimhe – Intreoir) ar dtús. Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile ansin.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| ar an bhfód | *on the scene* |
| ag réabadh | *crashing, roaring* |
| scailp bháistí | *sudden downpour* |
| ar bís | *excited* |
| filleadh | *returning* |
| sluaite | *crowds* |
| meallta | *enticed* |
| ó chian agus ó chóngar | *from far and wide* |
| scaoil | *discharge* |
| iomaitheoirí | *competitors* |
| atmaisféar | *atmosphere* |
| ag triall ar | *heading for* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| h | d | l | j | f | a | c | i | b | g | e | k |

2. Giota beag – píosa beag, beagán.
3. An iomarca, barraíocht, an iomad.
4. *Very popular.*
5. Taighde – *research*; taithí – *experience*.

## C: TUISCINT

1. Féach an script.

2. Freagraí:
   - Tá **atmaisféar** iontach ag an bhféile.
   - Tá na **sluaite** ag teacht **ó chian agus ó chóngar** chun freastal ar an imeacht.
   - Tá na cadhcóirí **ar bís** le dul amach ar an uisce.
   - Beidh na h**iomaitheoirí ag triall** ar Abhainn na Gaillimhe amárach.
   - Tá na hiomaitheoirí ag **filleadh** ar an Spidéal mar tá siad **meallta** ag an bhféile.
   - **Scaoil** na heagraithe uisce ón damba.
   - Tá an fhéile **ar an bhfód** le dhá bhliain déag.
   - Tá an abhainn **ag réabadh** tar éis **scailp bháistí** ar maidin.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an séimhiú)

a) Freagraí:

| | |
|---|---|
| 1. | Cuirtear séimhiú ar fhréamh an bhriathair chun an aimsir chaite a chur in iúl. |
| 2. | Leanann séimhiú na bunuimhreacha ó 2 – 6. |
| 3. | Tá an t-ainmfhocal 'féile' baininscneach, mar sin tá séimhiú ar an ainmfhocal a leanann é sa chás seo. |
| 4. | Tá an t-ainmfhocal 'féile' baininscneach, mar sin tá séimhiú ar an ainmfhocal tar éis an ailt. |
| 5. | Cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal 'bliain' tar éis 'dhá'. |
| 6. | Tá an t-ainmfhocal 'scailp' baininscneach; mar sin tá séimhiú ar an ainmfhocal a leanann é sa chás seo. |
| 7. | Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí 'de'. |
| 8. | Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí 'ó'. |

### 2: Saibhreas Teanga (cathracha na hÉireann)

Freagraí:

| **Ainm i mBéarla** | **Ainm i nGaeilge** | **Tuiseal ginideach na cathrach** |
|---|---|---|
| *Dublin* | Baile Átha Cliath | Caisleán Bhaile Átha Cliath |
| *Cork* | Corcaigh | Cathair Chorcaí |
| *Limerick* | Luimneach | Ollscoil Luimnigh |
| *Galway* | Gaillimh | Abhainn na Gaillimhe |
| *Belfast* | Béal Feirste | Aerfort Bhéal Feirste |
| *Derry* | Doire | Bóthar Dhóire |
| *Waterford* | Port Láirge | Criostal Phort Láirge |

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Tá na cártaí do dhuine A agus do dhuine B le fáil (agus le gearradh amach roimh an rang) ag deireadh na nótaí seo. Mínigh dóibh go bhfuil na rólghníomhaíochtaí seo bunaithe ar chuid B de scrúduithe cainte TEG.

Rólghníomhaíocht 1:

Tabhair Cárta A do Dhuine A, agus Cárta B do Dhuine B. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile. Caithfidh Duine B ceisteanna a chur ar Dhuine A chun an t-eolas ar fad a fháil agus na bearnaí ar an gcárta a líonadh. Abair leo go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as an aimsir chaite agus abairtí iomlána a chur le chéile. Seo thíos na ceisteanna samplacha:

Cá raibh an fhéile ar siúl?
Cad é Féile Chadhcála na Gaillimhe?
Cén dáta a bhí ann?
Cé mhéad a chosain ticéad lae?
Cé mhéad a chosain ticéad dhá lá?
Conas is féidir liom níos mó eolais a fháil?
Conas a bhí an aimsir?
Ar thaitin an fhéile leat?

Rólghníomhaíocht 2:

Iarr orthu róil a mhalartú sa dóigh is nach mbeidh an duine céanna ag cur na gceisteanna. Tabhair Cárta A do Dhuine A, agus Cárta B do Dhuine B. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile. Caithfidh Duine B ceisteanna a chur ar Dhuine A chun an t-eolas ar fad a fháil agus na bearnaí ar an gcárta a líonadh. Abair leo go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as an aimsir chaite agus abairtí iomlána a chur le chéile. Seo thíos na ceisteanna samplacha.

Cá raibh sé ar siúl?
Cad é An Phicnic Leictreach?
Cén dáta a bhí ann?
Cé mhéad a chosain ticéad lae?
Cé mhéad a chosain ticéad dhá lá?
Conas is féidir liom níos mó eolais a fháil?
Conas a bhí an aimsir?
Ar thaitin an fhéile leat?

### 2: Scríobh

Iarr orthu postáil ghearr faoi Fhéile Chadhcála na Gaillimhe nó faoin bPicnic Leictreach a scríobh. Is leor cúig abairt nó mar sin.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

Ollscoil Mhá Nuad — Lárionad na Gaeilge: Taighde, Teagasc & Tástáil — Foghlaim TG4 — An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán / Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media — An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Rólchártaí le gearradh amach:

**Rólghníomhaíocht 1**

| **Duine A** | **Duine B** |
| --- | --- |
| ***Féile Chadhcála na Gaillimhe*** | ***Féile Chadhcála na Gaillimhe*** |
| *Abhainn Bhoth Loiscthe, Abhainn na Gaillimhe, Abhainn an Chláir* | *Áit:* ______________________________ |
| *Comórtais chadhcála & go leor imeachtaí sóisialta* | *Cad é:* ______________________________________ ____________________ |
| 1 - 2 Márta 2025 | Dáta: __________________ |
| Ticéad lae: €80<br>Ticéad dhá lá: €140 | Ticéad lae: __________<br>Ticéad dhá lá: __________ |
| Gach eolas: www.feilenagaillimhe.com | Gach eolas: __________________ |
| Aimsir: te / gaofar<br>Thaitin: na rásaí / ceol beo<br>Níor thaitin: lóistín – daor / sluaite móra | Aimsir: ________________<br>Thaitin: ____________________<br>Níor thaitin: ______________________ |

**Rólghníomhaíocht 2**

| **Duine A** | **Duine B** |
| --- | --- |
| ***An Phicnic Leictreach*** | ***An Phicnic Leictreach*** |
| *Halla an tSráidbhaile, An Sráidbhaile, Contae Laoise in Éirinn.* | *Áit:* ______________________________ |
| *Is féile bhliantúil cheoil agus ealaín í An Phicnic Leictreach* | *Cad é:* ______________________________________ ____________________ |
| 16 - 18 Lúnasa 2024 | Dáta: __________________ |
| Ticéad lae: €105<br>Ticéad trí lá: €355 | Ticéad lae: __________<br>Ticéad trí lá __________ |
| Gach eolas: +353 (0)64 399 3829 | Gach eolas: __________________ |
| Aimsir: fuar / fliuch / gaofar<br>Thaitin: cairde / an grúpa ceoil - SNAS<br>Níor thaitin: puball sractha / bia - daor | Aimsir: ________________<br>Thaitin: ____________________<br>Níor thaitin: ____________________ |